An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior CYCLE for teachers

# Ceardlann Éascaithe AFMÁ

Ceardlann á tugadh 2019

# Gluais na dTéarmaí

**Measúnú foirmitheach** (An Creat lch. 35-36)

De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach aige a aithint agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

**Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí** (An Creat lch. 46)

Sa PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, réimsí foghlama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don PGSS lena n-áirítear, measúnú foirmitheach leanúnach; Measúnuithe Rangbhunaithe; agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-teistithe agus ó na Tascanna Measúnaithe. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag an PGSS. Is í an scoil a chuirfidh le chéile é agus gheobhaidh na scoláirí é san Fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bheidh torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

**Intinní Foghlama and Torthaí Foghlama** (Gluais Téarmaí CNCM)

**Intinn Foghlama:** Is ráiteas é an intinn foghlama i gcomhair ceachta nó sraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir, agus a chuireann síos go soiléir cad é an méid eolais, tuisceana agus cumais a mbíonn an múinteoir ag súil leis ó na scoláirí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

**Toradh Foghlama:** Is ráitis iad na torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a dhéanann cur síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a thaispeáint tar éis tréimhse foghlama.

**Critéir Ratha** (Gluais Téarmaí CNCM): Tá critéir ratha ceangailte le hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus / nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus cuireann siad síos ar an gcaoi a n-éiríonn le scoláire i dtasc ar leith. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnais a dhéanamh faoin gcaighdeán foghlama a bhíonn ag scoláirí.

**Measúnú Suimitheach** (Gluais Téarmaí CNCM): Is suimitheach don mheasúnú nuair a úsáidtear é chun meastóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh próiseas teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar éachtaí na scoláirí agus a shocrú cé acu agus go dtí cén leibhéal a léirigh na scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.

**Aonad Foghlama**

Nascann aonad foghlama torthaí foghlama a leagann amach go soiléir cad é a ba chóir do scoláirí a bheith ar eolas acu, a thuiscint, agus a bheith ábalta a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin.

**Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB)**

Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a mheasann an múinteoir na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Tá cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna gnéithe cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás Measúnú Rangbhunaithe déantar tuairim an mhúinteora a thaifeadadh i gcomhair Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus úsáidtear í sa tuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí.

**Gnéithe Cáilíochta**

Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

**Cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)** (An Creat lch. 39-40)

Ag cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnaithe ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil d'ábhar áirithe agus díreoidh sé ar an Measúnú Rangbhunaithe ar thug an bliainghrúpa áirithe sin faoi.

**Tasc Measúnaithe (TM)**

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, nach marcálann an múinteoir ranga, ach a sheoltar ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Is é an CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama a mbíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu.

## Cad é is gá a chur in áit chun a chinntiú go bhfaightear an chuid is mó ón seisiún seo?

| Modhanna aontaithe chun obair a dhéanamh le chéile |
| --- |
| |

## Ról an Éascaitheora ag cruinniú AFMÁ

| Cad é atá ar eolas agam? | Cad é a ba mhaith liom a bheith ar eolas agam? |
| --- | --- |
| | |

## Roimh an gCruinniú AFMÁ

Mar chéad chéim, ba chabhair ag múinteoirí é spléachadh a thabhairt arís ar roinnt samplaí anótáilte de chuid CNCM sula dtiocfadh siad ar chinneadh maidir le saothar a gcuid scoláirí féin.

Nuair a bheidh a Measúnú Rangbhunaithe déanta acu, déanfaidh an múinteoir measúnú sealadach ar obair na scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Is féidir na measúnuithe sealadacha sin a leasú i bhfianaise an chomhrá a tharlóidh le linn an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Déanfaidh an múinteoir nóta den tuairiscín a thugtar do gach scoláire agus aon phointe eile ar mian leo nó arbh fhiú dóibh tagairt dó le linn agus tar éis an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Is le haghaidh úsáid an mhúinteora féin an nóta sin. B'fhéidir gurbh fhiú freisin nótaí a dhéanamh a dtiocfadh tagairt dóibh le linn an chruinnithe.

Chun ullmhú i gcomhair an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, aimseoidh gach múinteoir sampla amháin de shaothar scoláire le haghaidh gach tuairiscín, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil le plé a dhéanamh orthu ag an gcruinniú.

**Cad é a d'fhéadfadh cabhrú liom ullmhú mar éascaitheoir dár gcruinniú AFMÁ?**

## Le linn an chruinnithe AFMÁ

Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe cur le leanúnachas breithiúnais maidir le saothar scoláirí agus teacht ar thuiscint chomónta faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir béim a chur freisin ar luach an chruinnithe ó thaobh an aiseolais a thugtar do scoláirí ar na bealaí ina bhféadfadh siad a gcuid oibre a fheabhsú.

- Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne sampla a chur i láthair d'obair a mheas siad nár chomhlíon na hionchais fós. Tar éis cur i láthair gairid ón múinteoir, tosaíonn an t-éascaitheoir plé ginearálta ar an méid atá obair an scoláire ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta cuí. Nuair a bhíonn comhaontú ann agus nuair a dhearbhaíonn an cruinniú an measúnú sealadach, breacann an t-éascaitheoir é sin síos i dTuairisc an Chruinnithe.
- Sa chás nach n-aontaítear, is ceart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do shamplaí anótáilte d'obair scoláirí a chuir an CNCM ar fáil agus, más féidir é, cúpla sampla eile d'obair scoláirí a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú orthu agus ar bronnadh an tuairiscín sin orthu.

- Ba chóir go mbeadh an t-éascaitheoir ag iarraidh ar pháirtithe teacht ar aon intinn le linn an phlé ar shamplaí ach is ceart an bhéim a chur ar eolas gairmiúil agus scileanna múinteoirí a fhorbairt seachas ar gach duine a bheith d'aon ghuth faoi gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
- Ba chóir gur ar an gcur chuige 'is fearr oiriúint' a leagtar béim agus breithiúnais á ndearbhú le linn an chruinnithe AFMÁ rud a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an Tuairiscín arb é 'ar an iomlán' is fóirsteanaí don obair atá á meas.
- Cé gur chóir tréimhse réasúnta ama a chaitheamh ar an bplé, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
- Más féidir é, ba chóir go ndéanfaí plé ar dhá shampla ar a laghad i gcomhair gach tuairiscín agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go ndéantar plé ar shampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir le linn an chruinnithe.
- Déantar an próiseas seo arís, ar a sheal, agus na samplaí a mheastar faoi Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar barr ar fad a bheith á bplé agus á roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ar na príomhphointí a d'eascair as an bplé.

| **Cad é a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun go mbeadh rath ar an eispéireas AFMÁ?** | **Cad iad na dúshláin fhéideartha?** |
| --- | --- |
| | |

# Iniúchadh ar Scileanna Pearsanta Éascaithe

*Déan machnamh ar na scileanna éascaithe thíos agus rangaigh do leibhéal muiníne reatha ag úsáid scála 1 go 5.*

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **Mímhuiníneach** | | **Measartha muiníneach** | | **An-mhuiníneach** |

**Scil Éascaithe** **Mo Rátáil**

| | Roimhe | Ina dhiaidh |
|---|---|---|
| An mbeifeá muiníneach go leor ag oscailt an chruinnithe, ag soiléiriú an chuspóra agus ag socrú modhanna oibre le chéile | | |
| Sciliúil ag éisteacht go gníomhach, ag tabhairt athleagain agus achoimre ar na príomhphointí | | |
| Ábalta am a bhainistiú agus luas maith a choimeád | | |
| Ábalta cruinnithe a reáchtáil ar bhealach ordúil agus éifeachtach | | |
| Eolach ar theicnící chun rannpháirtíocht ghníomhach a mhealladh agus plé a spreagadh | | |
| Muiníneach chun ceisteanna géara a chur a thugann dúshlán do thoimhdí féin agus cinn daoine eile ar dhóigh neamhbhagrach | | |
| Ábalta an ghníomhaíocht a stopadh agus seiceáil conas atá rudaí ag dul ar aghaidh | | |
| Ábalta díospóireacht a bhainistiú idir rannpháirtithe agus aird a choinneáil ar an tasc | | |
| Ábalta déileáil le cur i gcoinne ar bhonn neamhchosantach | | |

| ***Cad iad na láidreachtaí a d'aithin mé?*** | ***Cad iad na réimsí a d'fhéadfainn a fhorbairt?*** |
|---|---|
| | |



*Ceardlann a tugadh 2019*


## Ceistiú Éifeachtach

Amanna cuirtear as do dhaoine de thaisme sa dóigh a gcuirtear an cheist. Is tábhachtach smaoineamh conas a chuireann tú ceisteanna chun freagraí a mhealladh.

Seo roinnt ceisteanna is fiú a úsáid:

- Inis dúinn níos mó faoi sin…
- Cad é a d'oibrigh go maith anseo i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta?
- Cad iad na láidreachtaí a bhaineann leis an bpíosa oibre seo?
- Cad iad na codanna san obair seo a thiocfadh a fhorbairt?
- Conas a d'fhéadfaí an obair seo a fheabhsú?

## SCÓIP (SCOPE)




**Stad:** Má mheasann tú go bhfuil an plé imithe chun siobarnaí, ná bíodh eagla ort stad a chur leis an gcruinniú agus aghaidh dhíreach a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú. Mar is faide a ligtear do dheacracht carnadh léi, mar is deacra a éiríonn sé í a láimhseáil. Ná ceap gur gá duit rud ar bith a rá ná freagairt do rud láithreach bonn. Is rud an-chumhachtach é ciúnas a cheadú agus beidh tú ag léiriú go bhfuil tú muiníneach mar éascaitheoir.

**Soiléirigh:** B'fhiú roinnt ceisteanna a chur chun a oibriú amach cad é atá ag tarlú agus cén fáth. Sin nó b'fhéidir gur leor nóiméad a thabhairt duit féin go bhfeice tú cad é atá ag titim amach. An bhfuil na rannpháirtithe trína chéile leis an bpróiseas? An bhfuil bundeacracht níos mó ann i dtaca leis an bpróiseas? An amhlaidh gur thit an fhoireann siar i muinín a seanmhodhanna oibre?

**Eagraigh:** Nuair a bheidh nóiméad glactha agat le brí a bhaint as a bhfuil ag tarlú, is ansin is fearr a chinnfidh tú conas déileáil leis an gcás. Ar na cuir chuige is féidir a úsáid áirítear: soiléiriú simplí, na noirm a chur i gcuimhne do na rannpháirtithe, ceisteanna a bhreacadh síos le haghaidh plé ag an gcéad chruinniú roinne eile, a iarraidh ar dhaoine eile a ndearcadh a thabhairt. Más rud é gur éirigh an plé ar thopaic áirithe an-teasaí agus gur deacair teacht ar chomhréiteach, b'fhiú a mholadh go gcuirfí an topaic 'ar an méar fhada' agus teacht ar ais chuige níos moille.

**Lean ar aghaidh:** Nuair a bheidh nóiméad glactha agat chun cúrsaí a shoiléiriú agus a eagrú, beidh tú réidh le dul ar aghaidh. Baintear úsáid as frásaí ar nós "Sílim go bhfuil míthuiscint éigin ann faoin rud a ba chóir dúinn a dhéanamh go díreach anois. B'fhéidir nach raibh an rud a dúirt mé soiléir, mar sin rachaidh mé tríd an bpróiseas arís" nó "Tuigim, a Sheáin, go mbíonn a lán dúshlán ag baint leis na ranganna dara bliain agat, agus measaim gur chóir dúinn ceist bainistíocht iompair a chur ar an gclár don chead chruinniú eile. Ach tá mé ag smaoineamh ar chúrsaí ama agus is é an cuspóir atá le cruinniú an lae inniu …" nó "Is iontach a fheiceáil cad é chomh tógtha agus atá gach duine leis an bpróiseas ach an cuimhin libh gur aontaigh muid ag an tús gan cur isteach ar a chéile mar sin an dtig liom iarraidh oraibh cloí leis an socrú sin, le bhur dtoil?"

**Fiosraigh an dul chun cinn:** Agus tú i d'éascaitheoir, ní mór duit fanacht i gcónaí ar aire agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn an ghrúpa.

Arna chur in oiriúint ó Mike Clayton *Handling Resistance Pocket Book* agus ó David Allen agus Tina Blythe *Facilitating for Learning; tools for teacher groups of all kin*

## Cruinniú AFMÁ á Chur i nGníomh: Foghlaim Ghairmiúil

Breathnaígí ar an bhfíseán seo a leanas de chruinniú AFMÁ ag titim amach agus breac síos do chuid machnaimh ar an bplé a deineadh anocht sna spásanna thíos:

| Mo Chuid Tuairimí | Tuairimí na nDaoine Eile |
|---|---|
| | |

## Tar éis an Chruinnithe AFMÁ

Tar éis an chruinnithe, déanann gach múinteoir machnamh ar an measúnú a rinne siad ar obair a gcuid scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanann na coigeartuithe cuí ar a gcuid measúnuithe sealadacha. Tar éis an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, tiomsaíonn an t-éascaitheoir a thuairisc ón gcruinniú, ina ndírítear ar thorthaí an phlé ar obair scoláirí ag an gcruinniú, agus seolann sé ar aghaidh chuig príomhoide na scoile í.

Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh freisin ar mhúinteoirí, más mian leo, roinnt de shaothar na scoláirí a chur isteach i dtaisce samplaí:

- Chun cabhrú le múinteoirí nua a ionduchtú
- Chun tacú le cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Le húsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí agus an caighdeán oibre a baineadh amach á thaispeáint

*Moltaí ó [https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/cruinnithe-afm%C3%A1](https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/cruinnithe-afm%C3%A1)*

| ***Conas is féidir leis an bhfoghlaim ón bpróiseas AFMÁ cabhrú lenár gcleachtas mar mhúinteoirí agus lenár roinn ábhair san am atá le teacht?*** |
|---|
| |

# Cruinniú AFMÁ: Roimhe, Lena Linn agus Ina Dhiaidh

| | |
|---|---|
| **Roimh an gCruinniú AFMÁ** | |
| ***Dualgas na múinteoirí*** | |
| | Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta<br>Breathnú ar shamplaí cuí anótáilte de chuid CNCM mar is gá (www.curriculumonline.ie)<br>An tuairiscín agus aon phointí ábhartha eile a chlárú a bhféadfadh sé a bheith úsáideach tagairt dóibh le linn an chruinnithe AFMÁ<br>Sampla amháin a shonrú, nuair is féidir, do gach tuairiscín, atá le húsáid sa chruinniú AFMÁ<br>Sonraí ar shamplaí oibre le haghaidh plé a chur isteach chuig an éascaitheoir roimh an gcruinniú AFMÁ |
| ***Dualgas an éascaitheora*** | |
| | Samplaí oibre a thugann múinteoirí isteach a bhailiú agus a chóipeáil<br>Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ |
| **Le linn an Chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na múinteoirí*** | |
| | Sampla amháin a chur i láthair ag an leibhéal "Nár chomhlíon na hionchais go fóill"<br>An píosa oibre a athbhreithniú i gcomhar le chéile<br>Nóta a dhéanamh de na himpleachtaí a bhaineann le cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe don chuid eile d'obair na scoláirí a ndearna siad measúnú uirthi<br>Díriú ar chur chuige 'is fearr oiriúint' a ligeann do mhúinteoirí aontú ar na tuairiscíní is fóirsteanaí 'ar an iomlán' don obair atá á plé<br>An próiseas a leanúint, ar a sheal, i gcomhair sampla ag leibhéal na dtuairiscíní eile go léir |
| ***Dualgas an éascaitheora*** | |
| | Tús a chur leis an gcruinniú trí bhéim a chur ar leanúnachas breithiúnais agus ar chomhthuiscint faoi cháilíocht / chaighdeán foghlama na scoláirí<br>Tábhacht an chruinnithe a lua i dtaca leis an aiseolas a thabharfar do scoláirí<br>An plé ginearálta a threorú i dtaca le samplaí oibre agus le tuairiscíní agus nóta a ghlacadh de na cinntí a dhéantar<br>Iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ach díriú mar sin féin ar eolas agus ar scileanna gairmiúla a fhorbairt |
| **Tar éis an chruinnithe AFMÁ** | |
| ***Dualgas na múinteoirí*** | |
| | Meabhrú ar an measúnú a rinne siad ar obair a gcuid scoláirí i bhfianaise an chruinnithe AFMÁ<br>A dtuairiscíní deiridh a sheoladh isteach i gcomhair gach scoláire |
| ***Dualgas an éascaitheora*** | |
| | Tuairisc an Éascaitheora a thiomsú agus a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide<br>Machnamh a dhéanamh ar nithe a d'oibrigh go maith agus / nó ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa chéad chruinniú AFMÁ eile.<br>D'fhéadfadh an tÉascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí freisin, dá mba mhaith leo, roinnt dá gcuid samplaí de shaothar scoláirí a chur le taisce samplaí:<br>• Chun cabhrú le múinteoirí nua a ionduchtú<br>• Chun tacú le cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo<br>• Le húsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí agus an caighdeán oibre a baineadh amach á thaispeáint |

***Déan an cód MF a scanadh chun teacht ar Fhoireann Uirlisí AFMÁ an CNCM***

# Tuairisc an Éascaitheora

***Cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair***

| **Ábhar:** | **Dáta / Am** |
|---|---|
| **Tinreamh** | |
| **Príomhchinntí a rinneadh** | |
| **Pointí le cur san áireamh do chruinnithe athbhreithnithe eile amach anseo** | |
| **Aon torthaí eile?** | |
| Éascaitheoir:<br><br>Dáta: | |

# Ag Plé Obair Scoláirí le linn Cruinnithe AFMÁ

Iarrann **an tÉascaitheoir** ar bhall amháin foirne sampla a chur i láthair d'obair a mheas siad **Nár chomhlíon na hionchais go fóill**

---

An **Múinteoir** atá ag cur an phíosa i láthair déanann sé cur síos achomair ar an sampla oibre agus cuireann an t-éascaitheoir tús le plé ginearálta ar an méid atá obair an scoláire ag teacht leis na **Gnéithe Cáilíochta** cuí. Sa phlé sin, beidh ionchur ó gach ball den fhoireann agus beidh sé **bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta**. Agus breithiúnais á ndearbhú le linn an chruinnithe AFMÁ, ba chóir gur ar an gcur chuige **'is fearr a oireann'** a chuirfí an bhéim chun deis a thabhairt do mhúinteoirí a aontú cé acu Tuairiscín is oiriúnaí **'ar an iomlán'** maidir leis an obair atáthar a phlé.

---

Ba chóir go mbeadh an **tÉascaitheoir** ag iarraidh ar pháirtithe **teacht ar chomhaontú** le linn an phlé ar shamplaí ach is ceart an bhéim a chur ar **eolas gairmiúil agus scileanna múinteoirí a fhorbairt** seachas ar gach duine a bheith d'aon ghuth faoi gach Gné Cáilíochta i ngach sampla. Moltar go mór do mhúinteoirí sa Roinn Ábhair an cruinniú AFMÁ a úsáid chun comhoibriú a fhorbairt agus chun díriú ar theagasc, ar mheasúnú agus ar fhoghlaim.

---

Nuair a bhíonn **comhaontú** ann agus nuair a dhearbhaíonn an cruinniú an measúnú sealadach, **breacann an t-éascaitheoir é sin síos i dTuairisc an Chruinnithe**.

Sa chás **nach n-aontaítear**, is ceart don éascaitheoir **tagairt a dhéanamh do shamplaí anótáilte d'obair scoláirí a chuir an CNCM ar fáil** agus, más féidir é, sampla eile d'obair scoláirí a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú air agus ar bronnadh an tuairiscín sin air.

---

Cé gur chóir tréimhse réasúnta ama a chaitheamh ar an bplé, **ba chóir don Éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.**
Ba chóir don Éascaitheoir plé comhoibríoch a spreagadh agus cabhrú le trácht ar theagasc, ar mheasúnú agus ar fhoghlaim. Seans gurbh fhiú píosa oibre a chur 'ar an méar fhada' má chuidíonn sé sin leis an bplé a chur chun cinn. Más féidir é, ba chóir go ndéanfaí plé ar dhá shampla ar a laghad i gcomhair gach tuairiscín agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go ndéantar plé ar shampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir le linn an chruinnithe.

---

Déantar an próiseas seo arís, ar a sheal, agus na samplaí a mheastar faoi **Ag teacht leis na hionchais**, **Os cionn na n-ionchas** agus **Thar barr ar fad** a bheith á bplé agus á roinnt sa ghrúpa.

---

Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ar na príomhphointí a d'eascair as an bplé. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh **gach múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh le linn an chruinnithe** don chuid eile d'obair an scoláire a rinne siad a mheas cheana, go háirithe i gcás tuairiscíní nach raibh a mbreithiúnas féin ag teacht leis an tuairim a bhí ag bunús na múinteoirí ag an gcruinniú. Ba chóir go mbreacfadh na múinteoirí síos nóta den **aiseolas a chabhródh le foghlaim scoláirí** amach anseo.

Arna oiriúint ó *https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/cruinnithe-afm%C3%A1*

# Príomhdhátaí 2017/2018

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Key dates for Classroom-Based Assessments 2018/2019

The time bands during which Classroom-Based Assessments, SLAR meetings and Assessment Tasks (where relevant) can be completed have been broadened, as per DES circular 0079/2018. Schools may opt to follow the original timeframe in the relevant subject Assessment Guidelines or may avail of the flexibility the broader windows below provide.

Notwithstanding the increased flexibility provided, the CBAs must be completed within the time period allocated (e.g. 3 weeks, 4 weeks) as specified in the Assessment Guidelines for each subject[1]. The Assessment Task following CBA2 should be scheduled within a week of completion of the CBA. The SLAR meeting should take place no more than a month after completion of the CBA.

### Student cohort 2016-2019 (3rd years)

Junior Cycle **English, Science** and **Business Studies** Classroom-Based Assessment 2 and Assessment Task

| | |
|---|---|
| Window for completion of *Business Studies Presentation* and *Science in Society Investigation*<br><br>Latest date for student completion of *English Collection of the Student's Texts* | Monday 12th November 2018 – Friday 15th March 2019<br><br>Friday 15th March 2019 |
| Latest date for completion of the Assessment Task | Friday 22nd March 2019 |
| Latest date for award of provisional descriptors by the teacher | Friday 5th April 2019 |
| Latest date for completion of Subject Learning and Assessment Review and for award of final descriptors by the teacher | Friday 12th April 2019 |

### Student cohort 2017 – 2020 (2nd years)

Junior Cycle **English, Business Studies, Science, MFL (French, German, Spanish, Italian)** and **Visual Art** Classroom-Based Assessment 1 in 2019

| | |
|---|---|
| Window for student completion of CBA1 in English, Science, Business Studies, MFL and Visual Art[2] | Monday 7th January 2019 to Monday 20th May 2019 |
| Latest date for award of provisional descriptors by the teacher | Wednesday 22nd May 2019 |
| Latest date for completion of *Subject Learning and Assessment Review* and for award of final descriptors by the teacher | Monday 27th May 2019 |

[1] English CBA2 begins at the start of second year. The original date for completion is 30th November 2018 and the latest date for completion is 15th March 2019. The date for completion is decided by the school.
[2] A 14-week window is available for Visual Art CBA1 with themes issued by the NCCA on 7th January 2019.

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Dátaí tábhachtacha do na Measúnuithe Rangbhunaithe in 2018/2019

Leathnaíodh na bandaí ama inar féidir tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe, cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus Tascanna Measúnaithe (nuair is ábhartha), de réir chiorclán 0079/2018 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfaidh scoileanna cloí leis na dátaí a ceapadh cheana sna Treoirlínte Measúnaithe ábhartha nó tairbhe a bhaint as an tsolúbthacht a bhaineann leis na tréimhsí níos faide thíos.

D'ainneoin na solúbthachta breise sin, caithfear na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích sa achar sannta (m.sh. trí seachtaine, ceithre seachtaine) a shonraítear sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar[1]. Ba chóir an Tasc Measúnaithe i ndiaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2 a sceidealú laistigh de sheachtain ó chríochnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe.

### Cohórt scoláirí 2016–2019 (sa tríú bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 2 agus Tasc Measúnaithe le haghaidh **Bhéarla, Eolaíocht** agus **Staidéar Gnó** na Sraithe Sóisearaí

| | |
|---|---|
| Na dátaí ina gcaithfear *Cur i láthair Staidéar Gnó* agus *Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí* a chur i gcrích<br><br>An dáta deiridh don scoláire chun *The Collection of Student's Texts* sa Bhéarla a chur i gcrích | Dé Luain, 12 Samhain 2018 – Dé hAoine, 15 Márta 2019<br><br>Dé hAoine, 15 Márta 2019 |
| An dáta deiridh chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích | Dé hAoine, 22 Márta 2019 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 5 Aibreán 2019 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 12 Aibreán 2019 |

### Cohórt scoláirí 2017–2020 (sa dara bliain)

Measúnú Rangbhunaithe 1 le haghaidh **Bhéarla, Staidéar Gnó, Eolaíocht, Nuatheangacha Iasachta (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis)** agus **Amharc-ealaín** na Sraithe Sóisearaí in 2019

| | |
|---|---|
| Na dátaí ina gcaithfidh an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 le haghaidh Béarla, Eolaíochta, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta agus Amharc-ealaíne a chur i gcrích[2] | Dé Luain, 7 Eanáir 2019 go dtí Dé Luain, 20 Bealtaine 2019 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Céadaoin, 22 Bealtaine 2019 |
| An dáta deiridh chun *an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair* a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé Luain, 27 Bealtaine 2019 |

[1] Tosaíonn Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Bhéarla ag tús an dara bliain. Is é an dáta bunaidh lena chur i gcrích an 30 Samhain 2018 agus is é an dáta is deireanaí chun é a chur i gcrích an 15 Márta 2019. Cinnfidh an scoil an dáta críochnaithe.

[2] Tá tréimhse 14 seachtaine ar fáil do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 san Amharc-ealaín, agus eiseoidh CNCM téamaí an 7 Eanáir 2019.

*Ar fáil ag: https://www.ncca.ie/media/3889/juniorcycle_measunuithe_rangbhunaithe_datai_tabhachtacha_2018_2019.pdf*

# Obair Scoláire i gcomhair Cruinniú AFMÁ: Teimpléad Múinteora

Ba chóir do gach múinteoir sa dara bliain ceithre shampla d'obair na scoláirí a chur isteach le haghaidh an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Nuair is féidir é, ba chóir go mbeadh **sampla de gach ceann de na ceithre leibhéil tuairiscíní** le fáil sna samplaí sin. Úsáidfear an t-eolas chun ord reatha a chruthú le haghaidh an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a bheidh againn. Ó tharla go mb'fhéidir nach mbeidh an t-am againn na samplaí uile a phlé, uimhrigh na píosaí atá agat ó 1 – 4. Ba chóir gurb í uimhir a 1 an sampla is mó a ba mhaith leat a phlé.

Seol do shamplaí chugam, le do thoil, le cóip den teimpléad seo roimh ____________________

**Ainm an Mhúinteora: _________________________** **Rang-ghrúpa: _________________________________**

| | | |
|---|---|---|
| **Sampla 1** | **Formáid:**<br><br>**Topaic/Teideal:**<br><br>**Tuairiscín Sealadach:**<br><br>**Rogha Tuairiscín is fearr ag AFMÁ:** ☐ | **Sampla á Roinnt trí:** |
| **Sampla 2** | **Formáid:**<br><br>**Topaic/Teideal:**<br><br>**Tuairiscín Sealadach:**<br><br>**Rogha Tuairiscín is fearr ag AFMÁ:** ☐ | **Sampla á Roinnt trí:** |
| **Sampla 3** | **Formáid:**<br><br>**Topaic/Teideal:**<br><br>**Tuairiscín Sealadach:**<br><br>**Rogha Tuairiscín is fearr ag AFMÁ:** ☐ | **Sampla á Roinnt trí:** |
| **Sampla 4** | **Formáid:**<br><br>**Topaic/Teideal:**<br><br>**Tuairiscín Sealadach:**<br><br>**Rogha Tuairiscín is fearr ag AFMÁ:** ☐ | **Sampla á Roinnt trí:** |

# Beartais Úsáide Inghlactha agus Obair Scoláirí a Stóráil

Le linn a dturais ar an tSraith Shóisearach, is féidir le scoláirí obair a dhéanamh iad féin agus í a stóráil ar líne nó thiocfadh lena múinteoirí í a thaifead agus a stóráil. Sa Staidéar Gnó, tarlaíonn sé sin mar shampla mar chuid de MRB 2, an Cur i Láthair. Sa Bhéarla, is mar chuid den MRB i gCumarsáid ó Bhéal a tharlaíonn sé.

I ngach cás ní mór do mhúinteoirí agus do scoileanna gníomhú de réir Pholasaí um Úsáid Inghlactha (PÚI) na scoile. Is gá go gcuirfí san áireamh in PÚI na scoile na treoirlínte maidir le sonraí agus cosaint leanaí. Bíonn ról le himirt ag Boird Bhainistíochta, Bainistíocht Scoile agus foireann teagaisc i dtaca le hobair scoláirí a chlárú agus a stóráil go sábháilte.

Leagtar amach i Rannóg 1.13.2 de Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na dualgais i ndáil le 'rialaitheoirí sonraí' agus luaitear inti i dtaobh na nAchtanna 1988 agus 2003 um Chosaint Sonraí "go n-éilítear ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí araon na sonraí a bhíonn á gcoimeád acu a chosaint, agus leagtar dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil leis na daoine aonair a gcoimeádann siad sonraí ina dtaobh." (l 12). Pléitear le roinnt Ceisteanna Coitianta maidir le PÚInna ag https://www.webwise.ie

Taifeadfar samplaí de Chumarsáid ó Bhéal na scoláirí a úsáidfear i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaime nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcheamara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir aird a thabhairt ar threoirlínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha na scoile. ***Treoirlínte Measúnaithe Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí*, lch 17**

Teachers' professional judgement underpinned by a good understanding of the Features of Quality, with knowledge of the students' strengths and areas for development, will be important factors in identifying the sample of students to be recorded. Any audio or audio-visual recording device, such as a tablet, mobile phone, laptop or video camera, available in the school can be used. School rather than personal devices should be used. The recording should take place with cognisance of child protection guidelines and in line with the school's acceptable use and GDPR policies.

***Junior Cycle English Assessment Guidelines*, lch 17**

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé gur ghá obair na scoláirí, arna forbairt mar chuid de phróiseas an MRB, a thaifeadadh agus/nó a stóráil ar líne. Mar shampla, déanfaidh múinteoirí samplaí a thaifeadadh de chuir i láthair a bheadh déanta ag scoláirí, rud a úsáidfear le haghaidh a phléite ag na cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

I ngach cás, agus obair na scoláirí á taifeadadh agus á stóráil, tá de cheangal ar mhúinteoirí agus scoileanna gníomhú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), atá i bhfeidhm ó bhí an 25 Bealtaine 2018 ann, agus le riachtanais i dtaca le cosaint leanaí.

***Ciorcláin 79/2018*, lch 21**


***Déan an cód MF a scanadh chun teacht ar shuíomh gréasáin Webwise le haghaidh tuilleadh eolais ar Pholasaithe Úsáide Inghlactha agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).***


## Éascaitheoir AFMÁ: Plean Gnímh agus Nótaí

| Gníomhphointe / Tuairim | Tacaíocht do mo Ról mar Éascaitheoir | Tacaíocht don Ábhar / Fhoghlaim Ghairmiúil |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

# Suíomhanna Gréasáin ar Tagraíodh dóibh sa Cheardlann







www.jct.ie suíomh gréasáin Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. Ar leathanach lamairne gach ábhair, feicfidh tú tíl chorcra dar teideal 'Measúnú'. Is anseo a gheobhaidh tú ***na hacmhainní agus ábhar tacaíochta atá sainiúil don ábhar*** i dtaca le AFMÁnna.

www.curriculumonline.ie suíomh gréasáin CNCM Is anseo a gheobhaidh tú ***sonraíochtaí na n-ábhar, Treoirlínte Measúnaithe*** agus ***samplaí anótáilte de shaothar scoláirí***.

www.ncca.ie Ar shuíomh gréasáin CNCM tiocfaidh tú ar ***na hUirlisí Measúnaithe*** don tSraith Shóisearach. Tá réimse tacaí, comhairle agus treoirlínte measúnaithe le fáil san fhoireann uirlisí a chabhróidh le scoileanna agus le múinteoirí dul i ngleic le gach gné den chóras measúnaithe (AFMÁ ina measc) ar bhealach eolasach le muinín agus le cinnteacht.

# Nótaí